## Beartas ginearálta maidir le fianáin, stóráil áitiúil agus teicneolaíochtaí rianaithe eile

Chun ár mbeartas ginearálta maidir le fianáin, stóráil áitiúil agus teicneolaíochtaí rianaithe eile a léamh, iarraimid ort féachaint ar na leathanaigh seo a leanas:

- europarl - Fógra um chosaint sonraí
- europarl - Beartas maidir le fianáin
- europarl - Fardal na bhfianán

## Multimedia Centre - Fógra sonrach maidir le cosaint sonraí

An t-uasdátú is deireanaí: Márta 2024

Déanfar do shonraí pearsanta a phróiseáil de bhun Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin.

Tá an fhaisnéis seo a leanas bunaithe ar Airteagal 15 den Rialachán seo.

**1) Cé a phróiseálann do shonraí pearsanta?**

- Gníomhaíonn Parlaimint na hEorpa mar rialaitheoir sonraí[1] agus is é Aonad Stiúrthóir Gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, a ndéanann a Cheann Aonaid ionadaíocht air, an t-eintiteas atá freagrach as an bpróiseáil.
- Chun teachtaireacht a sheoladh chuig an rialaitheoir sonraí, is féidir leat an fhoirm ghréasáin a líonadh amach ag https://www.europarl.europa.eu/forms/en/webmaster-contact nó seol ríomhphost chuig webmaster@europarl.europa.eu.

**2) Cad é an cuspóir atá le próiseáil do shonraí pearsanta?**

- Déanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil chun a cheadú duit inneachar ár ngréasáin a léamh agus na seirbhísí sonracha a sholáthraíonn an suíomh gréasáin a úsáid (e.g. chun físeán nó grianghraf a íoslódáil). Is éard atá i gceist leis sin do sheoladh IP a úsáid ar chúiseanna teicniúla agus do sheoladh ríomhphoist a úsáid chun an t-inneachar a d’iarr tú go sainráite a sheoladh chugat.

[1] Is é an rialaitheoir sonraí an t-údarás, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile poiblí a chinneann, ina aonar nó go comhpháirteach, críocha agus modhanna próiseála na sonraí pearsanta. Déanann ceann an eintitis ionadaíocht ar an rialaitheoir.

- Ní chumhdaíonn an fógra reatha ach gné seirbhíse an tsuímh ghréasáin, is é sin breathnú ar an suíomh gréasáin, seoladh inneachair ó roinn 'Grianghraif' an tsuímh ghréasáin chuig do sheoladh ríomhphoist agus seoladh nuashonruithe ar ábhair a roghnaigh tú sa roinn 'Ábhair'.
- Ní chumhdaíonn sé sonraí pearsanta a áirítear san inneachar arna chur ar fáil ar an suíomh gréasáin, amhail ainm cainteora nó ainm duine atá le feiceáil i ngrianghraf. Tá sonraí pearsanta den sórt sin faoi fhreagracht na bhfoirne eagarthóireachta a d'fhoilsigh iad. Mar sin féin, geallaimid go ngníomhóimid mar mhol agus go gcuirfimid aon iarraidh a sheolann tú chugainn ar aghaidh chuig an rialaitheoir sonraí comhfhreagrach.

**3) Cad é an bunús dlí atá leis an bpróiseáil?**

- Chun nascleanúint a dhéanamh ar an suíomh gréasáin (i.e. seoladh IP), is iad Airteagal 5(1)(a) de Rialachán (AE) 2018/1725 (a bhaineann le cúraimí arna gcur i gcrích ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil a bhronntar ar an institiúid nó comhlacht Eorpach) agus Riail 205 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte Eorpaí (a bhaineann le taifeadadh closamhairc na n-imeachtaí) na bunúis dlí atá ann.
- A mhéid a bhaineann le hinneachar agus nuashonruithe ar ábhar a sheoladh (i.e. ríomhphoist), is é Airteagal 5(1)(d) de Rialachán (AE) 2018/1725 (a bhaineann le toiliú ón duine is ábhar do na sonraí) an bunús dlí atá ann.

**4) Cad iad na sonraí pearsanta a phróiseáiltear?**

- Déanaimid an fhaisnéis phearsanta seo a leanas a phróiseáil:
  - do sheoladh IP (éigeantach);
  - do sheoladh ríomhphoist (roghnach).

**5) Cén chaoi a bpróiseálfar do shonraí pearsanta?**

- Oibríonn Parlaimint na hEorpa le fochonraitheoirí atá faoi cheangal ag clásal conarthach sonrach d'aon oibríochtaí próiseála a dhéantar maidir le do chuid sonraí pearsanta thar ceann Pharlaimint na hEorpa, agus ag na hoibleagáidí rúndachta a thagann ó thrasuí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ina dhlí náisiúnta i mBallstáit an Aontais Eorpaigh (Rialachán (AE) 2016/679).
- Chun do chuid sonraí pearsanta a chosaint, tá roinnt bearta teicniúla agus eagraíochtúla déanta ag Parlaimint na hEorpa. Áirítear ar na bearta teicniúla gníomhaíochtaí iomchuí chun dul i ngleic le slándáil ar líne, an riosca maidir le caillteanas sonraí, athrú sonraí nó rochtain neamhúdaraithe, ag cur san áireamh an riosca a bhaineann leis an bpróiseáil agus cineál na sonraí pearsanta atá á bpróiseáil. Áirítear leis na bearta eagraíochtúla an rochtain ar na sonraí pearsanta a shrianadh do dhaoine údaraithe amháin ar bhonn riachtanais eolais chun críocha na hoibríochta próiseála sin.

**6) Cá fhad a dhéanfar do shonraí pearsanta a stóráil?**

- Déanaimid do sheoladh IP a stóráil i logaí freastalaí ar feadh 13 mhí. Cabhraíonn sé sin lenár seirbhísí TF cloí leis an tslándáil oibríochtúil, fiosrúchán a dhéanamh ar theagmhais,

faireachán a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht líonra agus teileachumarsáide agus cabhair a chur ar fáil don úsáideoir.

- Déanaimid an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil a storáil chun inneachar ó roinn 'Grianghraif' an tsuímh ghréasáin a fháil ar feadh 6 mhí i ndiaidh don ríomhphost a bheith seolta.
- Déanaimid an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil a storáil chun nuashonruithe ar ábhair ó roinn 'Ábhair' an tsuímh ghréasáin a fháil go dtí go ndéanfaidh tú tú féin a dhíliostáil ón tseirbhís. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí chliceáil ar an nasc a áirítear sna ríomhphoist ar fad a fhaigheann tú uainn. Tráth a bheidh tú díliostaithe, déanaimid do ríomhphost a scriosadh láithreach agus go huathoibríoch ónár gcóras.

**7) Cé hiad faighteoirí do shonraí pearsanta?**

Déanaimid do shonraí pearsanta a chomhroinnt lenár soláthraí seirbhíse (Vidneo Tecnología Audiovisual y Digital SLU) agus lenár soláthraí seirbhísí óstála (Néalardán IBM).

**8) An gcomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach nó le heagraíocht idirnáisiúnta?**

Ní chomhroinnfear do shonraí pearsanta le tír nach bhfuil san Aontas Eorpach ná le heagraíocht idirnáisiúnta.

**9) An bhfuil aon phróisis uathoibríocha[2] agus/nó próisis próifílithe[3] ann a úsáidtear chun cinntí a dhéanamh a d'fhéadfadh difear a dhéanamh duit?**

Níl a leithéid de phróisis ann.

**10) Cad iad na cearta atá agat?**

- Tá an ceart agat ar an méid seo a leanas:
  - rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta;
  - do shonraí pearsanta a mhodhnú má tá siad míchruinn nó neamhiomlán;
  - do shonraí pearsanta a scriosadh;
  - i gcás inarb infheidhme, srian a chur ar phróiseáil do shonraí pearsanta;
  - i gcás inarb infheidhme, úsáid a bhaint as iniomparthacht sonraí;
  - i gcás inarb infheidhme, agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta a dhéantar go dleathach de bhun Airteagal 5(1)(a);
  - do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar thoiliú sular tarraingíodh siar é (tríd an ngné 'Díliostáil' atá ar fáil don tseirbhís síntiúis, nó trí theagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí, mar a thuairiscítear anseo thíos).

---

[2] Cinneadh a dhéanamh trí mhodhanna uathoibrithe amháin agus gan aon bhaint ag an duine leis.

[3] Le próifíliú, déantar anailís ar ghnéithe de phearsantacht, d'iompraíocht, d'ábhair spéise agus de nósanna an duine aonair chun tuartha nó cinntí a dhéanamh ina leith. Úsáidtear é sin chun anailís a dhéanamh ar ghnéithe an ábhair sonraí nó chun gnéithe an ábhair sonraí a thuar a bhaineann le feidhmíocht ag an obair, a staid eacnamaíochta, a shláinte, a roghanna pearsanta, a dhíol spéise, a iontaofacht, a iompraíocht, a shuíomh nó a ghluaiseachtaí, etc.

- Más mian leat do chearta a fheidhmiú nó má tá ceisteanna agat maidir le próiseáil do shonraí pearsanta, féadfaidh tú d'iarraidh/do cheist a chur faoi bhráid an rialaitheora sonraí trí ríomhphost a sheoladh chuig webmaster@europarl.europa.eu nó tríd an bpost, i gclúdach litreach séalaithe, chuig Parlaimint na hEorpa, Ard-Stiúrthóireacht na Cumarsáide, Aonad an Stiúrthóra Gréasáin, le haghaidh aird an Cheann Aonaid, 60 rue Wiertz / Wiertzstraat 60, 1047 - Bruxelles/Brussel, an Bheilg.
- Más mian leat aon bharúlacha a thabhairt nó aon ghearáin a dhéanamh maidir leis an gcaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hoifigeach cosanta sonraí Pharlaimint na hEorpa ag data-protection@europarl.europa.eu. Is féidir leat gearán a dhéanamh lenár n-údarás maoirseachta, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, freisin trí scríobh chuig edps@edps.europa.eu.